



Polasaí Ghaeilge na Modhscoile

Is bunscoil Lán-Ghaeilge í an Mhodhscoil, faoi choimirce na Roinne Oideachais. Úsáidtear an Ghaeilge mar mheán foghlama. Glacann an Mhodhscoil go hiomlán leis na straitéisí sa Churaclam Bunscoile do scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge.

Spreagtar na páistí chun an ghaeilge a úsáid mar mheán chumarsáide nádúrtha. Táimid bródúil as an áit speisialta atá ag ár gcultúr gaelach sa scoil seo agus tá an Ghaeilge mar chuid lárnach de shaol na scoile sa Mhodhscoil. Spreagtar na páistí le gníomhaíochtaí cosúil le Cainteoir na Seachtaine, Irisleabhar na Modhscoile, Rince Gaelach, Seachtain na Gaeilge, Taispeántas Filíochta agus Ealaíona agus Tráth na gCeist. Spreagtar na páistí chun páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha cosúil le Féile Luimní agus comórtas filíochta Gael Linn.

Aidhmeanna:

Dearcadh dearfach i leith teanga agus cultúr na Gaeilge a spreagadh i measc daltaí, tuismitheoirí agus foireann na Modhscoile.

Taitneamh agus fiúntas a bhaint as foghlaim na Gaeilge.

Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge a fhorbairt i slí chomhtháite.

Feasacht teanga agus cultúir a chothú.

Atmaisféar Gaelach :

Déanfar gach iarracht atmaisféar Gaelach a chothú sa Mhodhscoil agus na páistí a mhealladh labhairt as Gaeilge le gníomhaíochtaí cosúil le Cainteoir na Seachtaine, Irisleabhar na Modhscoile, Rince Gaelach, Seachtain na Gaeilge, Taispeántas Filíochta agus Ealaíona, turas go dtí an Ghaeltacht agus Tráth na gCeist.

Déanfar gach iarracht na páistí a mhealladh labhairt as Gaeilge sa chlós agus sna pasáistí. Cuirfear béim faoi leith ar aitheantas a thabhairt don rang is fearr ag labhairt na Gaeilge i ngach aois ghrúpa le duaiseanna téarma.

Tuismitheoirí :

Nuair a chláraítear páiste sa Mhodhscoil, glacann na tuismitheoirí leis an nGaeilge mar mheán foghlama / cumarsáide agus leis na aidhmeanna thuasluaite. Is iad na daltaí croí lár na scoile agus tríd a dtuismitheoirí tá sé intuigthe go nglacfaidh siad leis an nGaeilge mar mheán foghlama / cumarsáide agus leis na aidhmeanna thuasluaite. Tabharfar rogha do dhaltaí i Naíonáin Shóisearacha leagan Béarla dá n-ainmneacha baiste a úsáid.

Úsáidfear an leagan Ghaeilge den ainm ó Naíonáin Shinsearach ar aghaidh do gach uile ghné de shaol na Modhscoile. Glacfar leis an leabhar: *'Sloinnte Uile Éireann' le Seán de Bhulbh*, mar chaighdeán chun páiste a chlárú don rolla. Tabharfar deis do thuismitheoirí rogha a dhéanamh idir Ghaeilge nó Béarla do gach caidreamh.

Beidh gach nóta nó teangmháil i scríbhinn leis an mbaile dhá theangach.

Páistí ag teacht isteach déanach sa chóras:

Nuair a chláraítear páiste sa Mhodhscoil, glacann na tuismitheoirí leis an nGaeilge mar mheán foghlama / cumarsáide agus leis na aidhmeanna thuasluaite.

Déanfaidh siad gach iarracht tacaíocht a thabhairt don oide ranga scoileanna teanga a bpáistí a fhorbairt. Tabharfar cabhair bhreise do na daltaí seo faoin gclár S.W.E.E.P. má tá na hacmhainní le fáil.

An Fhoireann:

Déanfaidh foireann na Modhscoile gach iarracht foclóir agus téarmaíocht atá riachtanach don chumarsáid nua-aoiseach a chur i mbéal na ndaltaí, chun na aidhmeanna thuasluaite a chomhlíonadh. Glacfar leis an nGaeilge mar mheán foghlama / cumarsáide na Modhscoile agus leis na haidhmeanna thuasluaite. Tá sé intuigthe go dtabharfar gach tacaíocht don scoil



chun na aidhmeanna thuasluaite a thabhairt chun críche. Spreagfar na páistí le gníomhaíochtaí cosúil le Cainteoir na Seachtaine, Irisleabhar na Modhscoile, Rince Gaelach, Seachtain na Gaeilge, Taispeántas Filíochta agus Ealaíona agus Tráth na gCeist.

Déanfar teangmháil le scoileanna lán-ghaeilge sa cheantar do Lá Spóirt , Seachtain na Gaeilge, rugbaí agus peil gaelach. Eagrófar turasanna ar bhonn rialta chun na Gaeltachta, chuig seimineáir scoileanna Lán-Ghaeilge agus bainfear an leas is mó agus is bhféidir as an idirlín chun críche na spriocanna seo.

Sa chomhthéacs seo leagfar an-bhéim ar an nGaeilge mar theanga uilechumarsáide ó gheata na scoile. Tabharfar aitheantas ar leith don Ghaeilge sa seomra foirne.

Féach na háiseanna seo le do thoil:

Curaclam na Bunscoile : Gaeilge:

Teanga: lth. 78-139.(Scoileanna lán-Ghaeilge)

Treoirlínte do Mhúinteoirí. (straitéisí agus modhanna múinte na Gaeilge).

Suíomh idirlíon : www.pcsp.ie gaeilge.

Sloinnte Uile Éireann le Seán de Bhulbh.